

Caibidil 8

Saol an Duine Óig Inniu / The Life of the Young Person Today

Sa chaibidil seo foghlaimeoidh tú conas labhairt faoi do shaol agus faoi shaol an duine óig inniu.

In this chapter you will learn how to talk about your life and the life of the young person today.

- **Brú ó chóras na bpointí** – pressure from the points system
- **Piarbhrú, cibearbhulaíocht agus fadhbanna sóisialta eile** – peer pressure, cyberbullying and other social problems
- **An teicneolaíocht i do shaol** – technology in your life
- **Na buntáistí is na míbhuntáistí a bhaineann le saol an duine óig inniu** – the advantages and disadvantages of the young person's life today

Ceisteanna Treoraithe / Guided Questions

1. **An dóigh leat go gcuireann córas na bpointí brú ar dhaltaí?** – Do you think that the points system puts pressure on students?
2. **An bhfuil a lán piarbhrú ar dhaoine óga inniu maidir le halcól agus drugaí?** – Is there a lot of peer pressure today on young people in relation to alcohol or drugs?
3. **An dóigh leat gur fadhb mhór í an cibearbhulaíocht do dhaoine óga inniu?** – Do you think that cyberbullying is a big problem for young people today?
4. **Inis dom faoin teicneolaíocht i do shaol.** – Tell me about technology in your life.
5. **Cad iad na buntáistí is na míbhuntáistí is mó a bhaineann le saol an duine óig inniu?** – What are the main advantages and disadvantages of the young person's life today?

Ceisteanna / Questions

1. **An dóigh leat go gcuireann córas na bpointí brú ar dhaltaí?**

Do you think the points system puts pressure on students?

- **Sílim go gcuireann.** *I think it does.*

Bíonn daltaí ag obair ó dhubh go dubh.

Students work from morning till night.

Tá seacht n-ábhar le staidéar againn.

We have to study seven subjects.

Tá na cúrsaí an-fhada agus uaireanta an-deacair.

The courses are very long and sometimes very difficult.

Bíonn pointí arda ag teastáil do roinnt cúrsaí ollscoile.

High points are needed for some university courses.

Tá roinnt daltaí ann agus bíonn siad an-neirbhíseach lá an scrúdaithe. Sílím go mbeadh measúnú leanúnach i bhfad níos fearr agus níos cineálta.

There are some students who get very nervous on the day of the exam. I think that continuous assessment would be much better and kinder.

- Ní bhíonn brú mór ar gach dalta.

The pressure isn't great on all students.

Tá roinnt daltaí ann nach bhfuil a lán pointí ag teastáil uathu. Mar sin, níl brú mór orthu.

There are some students who don't need a lot of points. So there isn't a lot of pressure on them.

Uaireanta déanann dalta agallamh nó fillteán tionscadail nó printíseacht agus laghdaíonn sé sin an brú ó chóras na bpointí.

Sometimes a student does an interview or portfolio or apprenticeship and that reduces the stress of the points system on them.

Tá rogha leathan cúrsaí ar fáil i gcoláistí difriúla anois. Mar sin, níl brú mór ar dhaltaí.

There is a wide choice of courses available in different colleges now. Therefore, there is not a lot of pressure on students.

Tá roinnt daltaí ann atá an-ré chúiseach – ní bhíonn siad faoi bhrú riamh!

There are some students who are very relaxed – they are never under pressure!

- Ní dóigh liom go bhfuil daoine óga faoi bhrú, dáiríre.

I don't think young people are under pressure really.

Tá trí Ardteist ar fáil: An Ardteist thraidisiúnta, Clár Gairmiúil na hArdteist (LCVP) agus an Ardteist Fheidhmeach (LCA). Mar sin tá cúrsa ar fáil do gach sórt dalta.

There are three Leaving Certs available: the traditional Leaving Cert, the Leaving Cert Vocational Programme and the Leaving Certificate Applied (LCA). So there is a course for all types of student.

Dar liomsa, níl aon ghá le brú mar tá na céadta cúrsa ar fáil i gcoláistí agus institiúidí ar fud na tíre, agus fiú ar fud na hEorpa.

In my opinion, there is no need for pressure because there are hundreds of courses available in colleges and institutes all over the country, and even all over Europe.



Nathanna breise / Extra phrases

Cuireann roinnt tuistí brú ollmhór ar a bpáistí pointí arda a fháil.

Some parents put huge pressure on their children to get high points.

Bíonn imní ar dhaltaí go gcuirfidh siad díomá ar a dtuistí.

Students worry that they will disappoint their parents.

Sílim gur seafóid é go bhfuil daltaí faoi bhrú. Blianta ó shin bhíodh daltaí ag obair go páirtaimseartha agus ag staidéar ag an am gcéanna.

I think it is nonsense that students are under pressure. Years ago students used to have part-time jobs and study at the same time.



Ceachtanna foclóra / Vocabulary exercises

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

1. The points system puts a lot of pressure on students. _____.
2. I think that continuous assessment would be much better and kinder. _____.
3. High points are needed for some courses but some students do interviews, a portfolio or the H-Pats and that reduces the pressure on them. _____.
4. Some courses need very high points and students work from morning till night to get them. _____.
5. Some parents and teachers put a lot of pressure on young people. _____.
6. There are three sorts of Leaving Cert available now so there is a course for all students – academic students and practical students. _____.
7. There is a wide choice of courses available now in Ireland and all over Europe. _____.
8. Some students are very laid-back (relaxed). They are never under pressure. _____.
9. Some of the courses are very long and difficult. I am working very hard and I am under a lot of pressure. _____.
10. I don't believe in pressure! I am a very laid-back person. _____.



Ceisteanna / Questions

2. An bhfuil a lán piarbhrú ar dhaoine óga inniu maidir le halcól agus drugaí?

Is there a lot of peer pressure today on young people in relation to alcohol or drugs?

Tá / Níl / Bhí i gcónaí.

There is / There is not / There always was.

Is dócha go mbíodh piarbhrú ar dhéagóirí i gcónaí.

I suppose there was always peer pressure on teenagers.

Faraor, is cuid den saol é piarbhrú.

Unfortunately, peer pressure is part of life.

Inniu tá níos mó airgid ag daoine óga chun alcól agus fiú drugaí a cheannach.

Today young people have more money to buy alcohol and even drugs.

Tá drugaí ar fáil go réidh i ngach áit, fiú i scoileanna, agus cinnte bíonn brú ar dhaoine óga triail a bhaint astu.

Drugs are easily available everywhere, even in schools, and certainly young people are under pressure to try them.

Tá piarbhrú níos measa inniu mar úsáideann daoine an t-idirlíon chun brú a chur ar dhaoine eile, mar shampla leis an gcluiche Nekominate.

Peer pressure is worse today because people use the internet to put pressure on others, for example the game Nekominate.



Nathanna breise / Extra phrases

Is cuid de shaol an déagóra é, piarbhrú. Bíonn imní ar dhéagóirí i gcónaí faoi thuairimí dhéagóirí eile.

Peer pressure is part of a teenager's life. Teenagers are always worried about other teenagers' opinions.

Ba mhaith le gach déagóir a bheith mar chuid den 'ghrúpa' agus gan seasamh amach.

Every teenager wants to be one of the 'group' and not stand out.

Ní dóigh liom go mbíonn piarbhrú ar gach déagóir. Braitheann sé ar an duine.

I don't think that every teenager feels peer pressure. It depends on the person.

Deir a lán daoine go mbíonn piarbhrú ar dhéagóirí alcól a ól. Níl mé cinnte faoi sin. Feiceann siad a dtuismitheoirí ag ól an t-am ar fad. Agus, mar a deir an seanfhocal, 'Cad a dhéanfadh mac an chait ach luch a mharú!'

A lot of people say that there is peer pressure on young people to drink. I'm not sure about that. They see their parents drinking all the time. And, as the proverb says, 'What would the cat's son do but kill a mouse!'

Seanfhocail oiriúnacha / Suitable proverbs

Cad a dhéanfaidh mac an chait ach luch
a mharú!

*What would the cat's son do
but kill a mouse! (ie like father, like son.
Like mother, like daughter.)*



Ceachtanna foclóra / Vocabulary exercises

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

1. Peer pressure is a part of life. _____
_____.
2. There has always been peer pressure on teenagers but it is worse today.

_____.
3. Teenagers worry about what other teenagers think of them and that puts pressure on them.

_____.
4. Young people today have a lot of money, and alcohol and drugs are easily available.

_____.
5. Peer pressure is worse today because people use the internet to put pressure on others.

_____.
6. I don't think that every teenager feels peer pressure – it depends on the person.

_____.
7. Some people say that young people drink because of peer pressure but I'm not sure. They see their parents drinking and, as the proverb says . . . (insert an appropriate proverb).

_____.



Ceisteanna / Questions

3. An dóigh leat gur fadhb mhór í an chibearbhulaíocht do dhaoine óga inniu?

Do you think that cyberbullying is a big problem for young people today?

Cinnté is fadhb mhór anois í.

Certainly it is a big problem now.

Tarlaíonn a lán bulaíochta ar líne inniu.

A lot of bullying takes place online today.

Is rud nua í cibearbhulaíocht agus is fadhb mhór í.

Cyberbullying is new and it is a big problem.

Cuireann daoine scéalta, grianghraif agus físeáin de dhaoine eile ar shuíomhanna sóisialta.

People put stories, photographs and videos of others on social media sites.

Tá scéalta faoi dhéagóirí ag cur lámh ina mbás féin mar gheall ar bhulaíocht ar líne.

There are stories about teenagers committing suicide because of online bullying.

Úsáideann beagnach gach duine óg an t-idirlíon anois ar a ríomhairí nó ar a bhfóin phóca. Mar sin, tá sé éasca do na bulaithe bulaíocht a dhéanamh.

Almost every young person uses the internet now on their computers or their phones. So, it is easy for the bullies to bully.

An rud is measa faoi chibearbhulaíocht ná go scaiptear ráflaí agus rudaí eile timpeall an-tapaidh.

The worst thing about cyberbullying is that rumours and other things are spread very quickly.



Nathanna breise / Extra phrases

De réir taighde i measc dhaltai scoile, rinne duine amháin as gach deichniúir bulaíocht ar líne, agus deir ceathrar as gach deichniúir go ndearna duine bulaíocht orthu ar líne.

According to research among school students, one out of every ten has bullied online and four out of every ten have been bullied online.

Caithfidh daoine óga a bheith cúramach agus gan rudaí príobháideacha a chur ar leathanaigh Facebook agus ar shuíomhanna sóisialta eile. Ach, mar a deir an seanfhocal, 'Ní féidir ceann críonna a chur ar cholainn óg.'

Young people have to be careful and not put private things on Facebook pages and other social media sites. But, as the proverb says, 'You can't put an old head on young shoulders.'

Is féidir le bulaíocht damáiste mór a dhéanamh d'fhéin-mheas an duine.

Bullying can do a lot of damage to a person's self-esteem.

Roinneann daoine eolas príobháideach, grianghraif agus fiú físthéipeanna ar shuíomhanna sóisialta.

People share private information, photographs and even videos on social network sites.

Deir daoine áirithe go mba chóir dlí nua a reachtú in aghaidh na cibearbhulaíochta. Is dóigh liom gur plean maith é, mar thabharfadh daoine aird ar leith air.

Some people say that there should be a law against cyberbullying. I think it is a good plan, because people would take it more seriously.

Ní dóigh liom gur plean maith é mar b'fhéidir go ndéanfaí coirpeach de dhuine óg go luath ina shaol nó ina saol.

I do not think it is a good plan because you might criminalise a person very early in his / her life.

Tá mé idir dhá chomhairle faoi.

I am between two minds (I am undecided) about it.

Sílim gurb é an t-oideachas réiteach na faidhbe.

I think education is the solution to the problem.

Seanfhocail oiriúnacha / Suitable proverbs

Ní féidir ceann críonna a chur ar cholainn óg.

You can't put a wise head on young shoulders (literally, on a young body).

Is minic gur sia a théann an bhréag ná an fhírinne.

Often a lie goes further than the truth.



Ceachtanna foclóra / Vocabulary exercises

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

- Cyberbullying is a big problem today. _____
- Rumours spread quickly on the internet. _____
- Young people put private information, photographs and even videos on social media sites. _____
- It is easy to bully young people online because almost all young people use the internet – on their computers and their phones. _____
- There are stories about young people committing suicide because of online bullying. _____

6. According to research among school students, one in ten students has bullied online. I think education is the key to solving the problem. _____
7. Some people think that there should be a law against cyberbullying. I am between two minds on the question. _____
8. Young people need to be careful when they are using the internet. But, as the proverb says . . . (insert an appropriate proverb). _____



Ceisteanna / Questions

4. Inis dom faoin teicneolaíocht i do shaol. – Tell me about technology in your life.

Is bunchuid de mo shaol í an teicneolaíocht.

Technology is part and parcel of my life.

Úsáideann daoine óga an teicneolaíocht mar chuid nádúrtha den saol gach lá.

Young people use technology as a normal part of daily life.

Tá teileafón glic / ifón agam agus . . .
úsáidim mar aláram ar maidin é
seolaim téacsanna
cuirim glaonna teileafóin
éistim le ceol
téim ar an idirlíon
imrím cluichí ríomhaire air

*I have a smart phone / iphone and . . .
I use it as an alarm in the morning
I send text messages
I make phonecalls
I listen to my music
I go online
I play computer games on it.*

Bainim úsáid as aipeanna difriúla, mar shampla . . .

I use various apps, for example. . .

Féachaim ar scannáin ar mo ríomhaire glúine agus uaireanta ar mo theileafón ach tá an scáileán pas beag.

I watch films on my laptop and sometimes on my phone but the screen is a bit small.

Ceannaím ceol, éadaí, leabhair agus gach sórt ruda ar líne.

I buy music clothes, books and all sorts of things online.

Tá a lán suíomhanna maithe chun cabhrú le daltaí agus bainim úsáid astu uaireanta agus mé ag déanamh m'obair bhaile / ag staidéar, mar shampla www.focal.ie, an foclóir Gaeilge ar líne.

There are lots of good sites to help students, and I use them sometimes when doing my homework / studying, for example www.focal.ie, the Irish online dictionary.

Nathanna breise / Extra phrases

Mar a deir an seanfhocal, 'Bíonn dhá insint ar gach scéal' agus tá buntáistí is míbhuntáistí ag baint leis an teicneolaíocht.

As the proverb says, 'There are two sides to every story', and there are advantages and disadvantages associated with technology.

Is féidir a lán ama a chur amú ar an idirlíon.

One can waste a lot of time on the internet.

Cé go bhfuil a lán suíomhanna maithe ar fáil tá dáinséar ag baint leis an idirlíon freisin. Uaireanta ligeann daoine orthu gur daoine difriúla iad chun gaol a bhunú le daoine.

Although there are a lot of good sites there is also a dangerous side to the internet. Sometimes people use fake identities in order to form relationships.

Tá sé an-deacair do dhuine óg an chibearbhulaíocht a sheachaint má bhíonn an fón ar siúl aige nó aici an t-am ar fad.

It is very difficult for a young person to avoid cyberbullying if they have their mobile phones on at all times.

Deir daoine go bhfuil deireadh le comhrá ó tháinig an fón póca ar an saol!

People say that the art of conversation has died since the mobile phone became popular!

Ní fhéadfainn maireachtáil gan m'fhón póca!

I couldn't live without my mobile phone!

Ceisteanna / Questions

5. Cad iad na buntáistí is na míbhuntáistí is mó a bhaineann le saol an duine óig inniu?

What are the main advantages and disadvantages of the young person's life today.

Tá níos mó airgid ag daoine óga inniu ná mar a bhí ag a dtuistí.

Young people today have more money than their parents had.

Is dócha go raibh níos mó airgid ag daoine óga nuair a bhí an Tíogar Ceilteach i réim sa tír.

I suppose that young people had more money during the Celtic Tiger era.

Ar an láimh eile, tá a lán daoine dífhostaithe in Éirinn anois agus cuireann sé sin imní ar dhaoine óga.

On the other hand, a lot of people in Ireland are unemployed now and that makes young people worry.

Bíonn imní ar dhaoine óga faoin todhchaí – an mbeidh siad ábalta post a fháil nuair a bheidh siad críochnaithe ar scoil nó ar an ollscoil?

Young people worry about the future – will they be able to get a job when they are finished in school or college?

Tá a lán áiseanna maithe againn, go mór mór an teicneolaíocht.

We have a lot of good facilities, especially technology.

Tá oideachas maith ar fáil do gach duine in Éirinn suas go dtí an Ardeist agus níl na táillí ollscoile ró-dhaor – go fóill!

Everybody in Ireland can get a good education up to Leaving Cert and university fees are not too dear – yet!

Ar an láimh eile, cuireann córas na bpointí brú uafásach ar roinnt daltaí.

On the other hand, the points system puts terrible pressure on some students.

Tá saol sóisialta maith ag daoine óga inniu ach ar an taobh eile den scéal tá fadhb an alcóil agus fadhb na ndrugaí ag méadú i measc daoine óga.

Young people today have a good social life but, on the other hand, the problem with alcohol and drugs among young people is growing.

Tá deiseanna againn taisteal ar fud an domhain ag staidéar nó ag obair.

We have opportunities to travel all over the world to study or work.

Nathanna breise / Extra phrases

Is mór idir saol an duine óig inniu is an saol a bhí ag ár dtuistí nuair a bhí siadsan óg.

There is a big difference between the life of a young person today and that of their parents when they were young.

Glactar go forleathan leis go bhfuil fadhbanna ag daoine óga inniu ach tá deiseanna iontacha acu freisin.

It is widely accepted that young people today have problems but they also have great opportunities.

Tá saol an mhada bháin ag daoine óga inniu, dar liomsa!

Young people today have a great life, in my opinion!

Ceapann a lán daoine go bhfuil saol an mhada bháin ag daoine óga inniu ach, geallaim duit, gurb é a mhalairt atá fíor. Is iomaí brú atá ar dhéagóirí an lae inniu.

A lot of people think that young people today have a great life but I can assure you that the opposite is true. Teenagers today have many pressures on them.



Ceachtanna foclóra / Vocabulary exercises

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

1. Every young person can get a good education today but the points system puts a lot of pressure on students. _____
2. As the proverb says, 'There are two sides to every story'. _____
3. Young people worry about the future. _____
4. Young people today have a chance to travel the world to work or study. _____
5. There are a lot of people who are unemployed in Ireland. Young people worry – will they be able to get a job when they are finished in school or college? _____
6. Young people have a good social life but the problem of alcohol and drugs is growing. _____
7. Teenagers have a great life today! _____
8. The opposite is true, teenagers today have a lot of pressure on them. _____

Inis dom faoi shaol an duine óig inniu. – Tell me about the life of a young person today.

Freagra samplach

Bhuel, is dócha go bhfuil buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le saol an duine óig inniu.

Tá níos mó airgid againn ná mar a bhí ag ár dtuistí. Tá oideachas maith ar fáil againn ach, ar an láimh eile, cuireann córas na bpointí brú mór ar dhaltai scoile.

Tá áiseanna teicneolaíochta iontacha againn – níos fearr ná riamh (*better than ever*)! Ach, tá fadhbanna ag baint leo freisin, mar shampla, tá fás mór tagtha ar chibearbhulaíocht agus tá roinnt daoine óga gafa (*addicted*) le suíomhanna sóisialta agus cluichí ríomhairí.

Tá fadhb an alcóil agus fadhb na ndrugaí fós i measc na n-óg agus iad ag fás agus bíonn inní ar roinnt daoine óga faoin todhchaí (*future*).

Ach, tá deiseanna (*opportunities*) iontacha againn taisteal ar fud an domhain, ag obair nó ag staidéar. Ar an iomlán (*on the whole*) sílim go bhfuil saol an-mhaith ag daoine óga inniu.



Traic 14



Leid / Hint

Smaoinigh i gcónaí ar an mana, ‘freagair agus forbairt’! Ná tabhair freagraí aon-fhoclacha. Déan forbairt ar do chuid tuairimí. Ní gá a bheith i do shaineolaí ar rud ar bith ach abairtí simplí a chumadh. Is féidir abairtí simplí a chur isteach chun do fhreagra a dhéanamh níos faide.

Remember always the mantra 'answer and develop'! Try not to give one-word answers. Develop your opinions. You are not expected to be an expert on anything just add simple sentences to give depth to your answer.

Go n-éirí leat! *Good Luck!*

Do scéal féin / Your personal answer

Anois, freagair an cheist seo a leanas go pearsanta. Tabhair do do mhúinteoir é chun é a cheartú.

'Inis dom faoi shaol an duine óig inniu.'

SAMPLE

SAMPLE

**Fócas ar an Scrúdú / Exam Focus**

Cleachtadh a dhéanann máistreacht! Ceartaigh aon bhotúin a rinne tú agus athscríobh do chuntas ar an leathanach cuí ag deireadh an leabhair seo. Cleachtaigh go rialta é.

Practice makes perfect! Correct any mistakes you made and rewrite your account on the appropriate page at the end of this book. Practise it regularly.